

Bileog 11.1 Na Tíortha**Cuid A**

Roghnaigh tír ón liosta thíos agus marcáil san áit cheart ar an mhapa í.



An Iodáil
Éire
An Fhrainc
An Iorua

An Pholainn
An tSualainn
An Phortaingéil
An Ghearmáin

Sasana
An Bhreatain Bheag
An Eilvéis
An Fhionlainn

Cuid B

Roghnaigh mór-roinn nó tír ón bhosca ar dheis agus ceangail leis an áit cheart sa léarscáil í.



An Áise
An Astráil
Meiriceá
An tSín
Meiriceá Theas
An Afraic
An Rúis
An tSeapáin

Bileog 11.2 Na Tíortha**Cuid A**

Féach ar an cheist seo. Bí ag obair leis an duine in aice leat le freagra a scríobh sa spás tugtha:

- Cá bhfuil tú ag dul ar laethanta saoire?
- _____

Cuid B

Éist leis na daoine éagsúla ar an téip ag rá cá bhfuil siad ag dul ar laethanta saoire. Scríobh na tíortha éagsúla a luaitear sna bearnaí tugtha.

Comhrá 1: _____

Comhrá 2: _____

Comhrá 3: _____

Comhrá 4: _____

Comhrá 5: _____

Féach ar na habairtí thíos - cén fáth a n-úsáidtear go dtí in abairt amháin agus go san abairt eile? Déan plé leis an duine in aice leat.

Tá mé ag dul go dtí an Fhrainc.

Tá mé ag dul go Sasana.

**Cuid C**

Roghnaigh tír nó Mór-Roinn ón mhapa ar chlé – sin an áit a bhfuil tú ag dul ar laethanta saoire. Siúil timpeall an ranga ag cur ceiste ar dhaoine eile cá bhfuil siadsan ag dul. Beidh siadsan ag cur ceiste ortsa chomh maith.

Bileog 11.3 An Aimsir Fháistineach

Cuid A

Féach ar na briathra seo a bhaineann le laethanta saoire. An bhfuil briathar ar bith ann nach bhfuil tú cinnte faoi?

Imigh

Cuir

Fan

Ól

Éist

Siúil

Léigh

Labhair

Ceannaigh

Cuid B

An féidir leat féin agus an duine in aice leat na briathra sa liosta thuas a scríobh san Aimsir Fháistineach? Leanaigí an sampla sa chéad cholún. Tá dhá ghrúpa briathra ann: siolla amháin agus dhá shiolla.

Siolla amháin


Cuir Cuirfidh mé Cuirfidh tú An gcuirfidh tú? Cuirfidh/Ní chuirfidh	_____ _____ _____ _____ _____ _____ _____ _____	_____ _____ _____ _____ _____ _____ _____ _____	_____ _____ _____ _____ _____ _____ _____ _____	_____ _____ _____ _____ _____ _____ _____ _____	_____ _____ _____ _____ _____ _____ _____ _____
--	--	--	--	--	--

Dhá shiolla

Ceannaigh Ceannóidh mé Ceannóidh tú An gceannóidh tú? Ceannóidh/Ní cheannóidh	_____ _____ _____ _____ _____ _____ _____ _____	_____ _____ _____ _____ _____ _____ _____ _____
--	--	--

Cuid C

An bhfuil briathar ar bith eile a bhaineann le laethanta saoire ar eolas agaibh?



Bileog 11.4 An Aimsir Fháistineach: Briathra Mírialta

Seo thíos na briathra mírialta san Aimsir Fháistineach. Bí ag obair leis an duine in aice leat – caithfidh sibh na briathra ar fad a scríobh i ngach pearsa bunaithe ar an cheist agus ar an fhreagra atá tugtha. Scríobhadh duine amháin cúig cinn agus an duine eile ceithre cinn agus ansin malartaígi – an mbeadh aon rud difriúil scríofa agatsa leis an duine in aice leat?

Tar

Tiocfaidh mé
Tiocfaidh tú
Tiocfaidh sé/sí
Tiocfaidh muid
Tiocfaidh sibh
Tiocfaidh siad

An dtiocfaidh tú?
Tiocfaidh/Ní thiocfaidh

Téigh

An rachaidh tú?
Rachaidh/Ní rachaidh

Feic

An bhfeicfidh tú?
Feicfidh/Ní fheicfidh

Clois

An gcloisfidh tú?
Cloisfidh/Ní chloisfidh

Déan

An ndéanfaidh tú? Déanfaidh/Ní dhéanfaidh

Abair

An ndéarfaidh tú?
Déarfaidh/Ní déarfaidh

Beir

An mbéarfaidh tú? Béarfaidh/Ní bhéarfaidh

Faigh

An bhfaighidh tú?
Gheobhaidh/Ní bhfaighidh

Ith

An íosfaidh tú?
Íosfaidh/Ní íosfaidh

Tabhair

An dtabharfaidh tú?
Tabharfaidh/Ní thabharfaidh

Bí

An mbeidh tú?
Beidh/Ní bheidh

Bileog 11.5 An Aimsir Fháistineach: Cleachtadh

Cuid A

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus líonaigí na bearnaí sna habairtí leis an fhoirm cheart den bhriathar san Aimsir Fháistineach. Beidh sibh ag éisteacht leo ar an téip ar ball.

1. _____ mé ag dul go dtí an phictiúrlann oíche amárach. (Bí)
2. _____ mé le mo chuid cairde nuair a bheidh mé sa chathair. (Fan)
3. _____ mé béile deas anocht i dteach mo charad. (Ith)
4. _____ tú go dtí an siopa dom, le do thoil? (Téigh)
5. _____ sé an guthán nuair atá sé amuigh sa ghairdín? (Clois)
6. _____ tú mórán leabhar nuair a bheidh tú ar laethanta saoire? (Léigh)
7. _____ mé bronntanas duit nuair a bheidh mé ar saoire. (Ceannaigh)
8. _____ tú leis an mbean atá ag an doras, le do thoil? (Labhair)
9. _____ mé leat nuair a bheidh mé réidh. (Abair)
10. _____ mé fíon deas nuair a bheidh mé sa Fhrainc. (Ól)

Cuid B

Éist leis an téip anois - an raibh an fhoirm cheart den bhriathar agaibh?

Cuid C

Siúil timpeall an ranga ag cur ceisteanna ar dhaoine éagsúla faoi rudaí a dhéanfaidh siad san am atá amach romhainn. Féach ar an chomhrá samplach seo:

- An íosfaidh tú bia Síneach anocht?
- Ní íosfaidh. Beidh dinnéar sa bhaile agam.

Bileog 11.6**Laethanta Saoire****Cuid A**

Sula n-éisteann tú leis an téip cuir an comhrá thíos san ord ceart trí na huimhreacha 1-4 a chur roimh gach pointe:

- Mo chuid cairde Nicola agus Jenny.
- Cá bhfuil tú ag dul ar laethanta saoire?
- Cé a bheidh leat?
- Tá mé ag dul go dtí an Fhrainc.

Anois éist leis an téip le feiceáil an raibh an ceart agat!

Cuid B

Ag obair leis an duine in aice leat déanaigí cibé athrú is gá leis na hainmfhocail atá idir lúibíní.

Cé a bheidh leat?

- mo + (teaghlach) _____
- mo + (cairde) _____
- mo + (cuid deirfiúracha) _____
- mo + (clann) _____
- mo + (máthair) _____
- mo + (uncail) _____
- mo + (fear céile) _____

Cuid C

Sula n-éisteann tú leis an téip féach ar na samplaí thíos agus déan na hathruithe cuí le gach ainmfhocal tar éis na haidiachta sealbhaí:

mo + (col ceathrair)

a (*his*) + (col ceathrair)

a (*her*) + (col ceathrair)

ár + (col ceathrair)

bhur + (col ceathrair)

a (*their*) + (col ceathrair)

Éist leis an téip anois agus líon na bearnaí. Cé a bheidh leis na daoine éagsúla ar laethanta saoire? Ná déan dearmad úsáid a bhaint as an aidiacht shealbhach cheart.

1. _____












2. _____

3. _____

4. _____

5. _____

Bileog 11.7**Laethanta Saoire***Don mhúinteoir!*

An Fhrainc mo chairde 	Na Stáit Aontaithe m'athair 	An Astráil mo theaghlach 
An Spáinn mo chara Máire 	Sasana liom féin 	An tSín mo chara Tom 
An Iodáil mo chlann 	An Ghearmáin mo dheirfiúr 	An tSeapáin m'aintín 
An Afraic m'uncaíl 	An Iorua mo dheartháir 	An Rúis mo chol ceathrair 

Bileog 11.8 Cá fhad?

Cuid A

Cuir an cheist thíos san Aimsir Fháistineach:

Cá fhad atá tú ann?

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí plé ar an difríocht idir ‘le’ agus ‘ar feadh’ arís. Breacaigí síos na hamanna a úsáidtear an dá fhoirm sa spás tugtha:

Féachaigí anois ar na habairtí thíos. Cad is féidir libh a rá fúthu?

Beidh mé ann ar feadh sé mhí.
Beidh sí ann ar feadh míosa.
Beidh sé ann ar feadh ceithre seachtaine.
Beidh siad ann ar feadh seachtaine.
Beidh muid ann ar feadh bliana.
Beidh sibh ann ar feadh sé bliana.
Beidh mé ann ar feadh coicíse.

Cuid B

Roghnaigh an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní sna habairtí thíos. Beidh tú ag éisteacht leo ar an téip ar ball.

1. Bhí mé sa Spáinn an bhliain seo caite ar feadh dhá (mí/mhí/míosa)
_____.
2. Beidh mé ag fanacht le mo dheirfiúr san Iodáil ar feadh (coicís/choicís/coicíse)
_____.
3. Beidh mo dheartháir ag fanacht liom anseo ar feadh
(seachtain/seachtaine/sheachtain) _____
4. Bhí mé ar laethanta saoire sa Bhreatain Bheag ar feadh (mí/mhí/míosa)

Cuid C

Sula n-éisteann tú leis an téip féach an raibh na freagraí céanna ag an duine in aice leat. Ansin éist leis an téip agus cuir i gcomparáid an méid atá ann leis an mhéid atá agat féin.

Bileog 11.9**Cá fhad?**

Siúil timpeall an ranga agus cuir ceist ar dhaoine éagsúla cad iad na laethanta saoire atá pleanáilte acu. Seo thíos eolas le cuidiú leat féin na laethanta saoire a bheidh agat a roghnú.

Cá bhfuil tú ag dul ar laethanta saoire?



Cé a bheidh leat?

Mo chlann

Mo chairde

Mo theaghlach

Mo chuid deirfiúracha

Mo mháthair

Mo pháistí

Mo mhadra



Cá fhad a bheidh tú ann?


Ar feadh

- dhá mhí
- míosa
- trí seachtaine
- bliana
- trí mhí
- coicíse
- seachtaine



Bileog 11.10 i gceann. . .**Cuid A**

Úsáid do shamhlaíocht! Smaoinigh ar an chéad laethanta saoire eile a bheidh agat. Cén uair atá tú ag imeacht?

**Cuid B**

Labhair le cúpla duine sa rang faoin uair atá sibh ag imeacht ar laethanta saoire! Féach ar an chomhrá samplach seo:

- Cá bhfuil tú ag dul ar laethanta saoire?
- Tá mé ag dul go dtí an Fhrainc.
- Go hiontach! Cén uair atá tú ag dul?
- I gceann coicíse. Agus cá bhfuil tú féin ag dul ar laethanta saoire i mbliana?
- Tá mé féin agus mo bhean chéile ag dul go Sasana ar feadh trí seachtaine.
- Go deas. Cén uair atá tú féin ag imeacht?
- Ag tús mhí na Samhna.

Bileog 11.11**Ag Labhairt faoi Laethanta Saoire****Cuid A**

Féach ar na ceisteanna agus freagraí seo thíos. Léigh iad leis an duine in aice leat – an dtuigeann sibh iad? An féidir libh ceisteanna cosúil leo a chur ar a chéile?

Ceisteanna	Freagraí	Eolas Breise
Cá mbeidh tú ag fanacht?	Beidh mé ag fanacht	in óstán i dteach lóistín i dteach mo charad i mo theach saoire
An mbeidh sibh ag fanacht le Máire?	Beidh/Ní bheidh	ar feadh seachtaine ar feadh cúpla lá don deireadh seachtaine
An rachaidh sibh chuig an Túr Eiffel? / An dtabharfaidh tú cuairt ar an Guggenheim?	Rachaidh/Ní rachaidh Tabharfaidh/Ní thabharfaidh	chuig cairde chuig iarsmalanna chuig tránna deasa chuig na siopaí móra

Cuid B

Léigh an sliocht seo os ard leis an duine in aice leat agus pléigí brí an phíosa le chéile.

Laethanta Saoire

Tá Máire ag tabhairt cuairte ar chara léi agus tá sí ag insint di faoi na laethanta saoire atá pleanáilte aici féin agus ag Jan.

Anois éist leis an chomhrá ar an téip agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén uair atá siad ag dul go dtí an Iodáil?

2. Cén fhad a bheidh siad sa Tuscáin?

3. Cá mbeidh siad ag fanacht sa Róimh?

An bhfuil aon eolas breise is féidir leat a chur leis an méid thuas?

Bileog 11.12**Laethanta Saoire – Duine A****Cuid A**

Seo thíos pictiúr de na laethanta saoire atá pleanáilte agat. Déan cur síos ar na laethanta saoire sin. Scríobh an oiread agus is féidir. Ná taispeáin do phictiúr don duine in aice leat. Beidh sibh ag obair le chéile ar ball.



Cuid B

Tá pictiúr difriúil ag an duine in aice leat. Labhair leis / léi le fáil amach cad iad na laethanta saoire atá pleanáilte aige / aici. Féach ar na ceisteanna thíos chun cabhrú leat agus breac síos an t-eolas a fhaigheann tú sa bhosca.

Cá bhfuil tú ag dul ar laethanta saoire?
 Cá mbeidh sibh ag fanacht?
 An mbeidh an aimsir go maith?
 An rachaidh sibh ar cuairt áit ar bith?

Cé a bheidh leat?
 Cén uair atá tú ag imeacht?
 Cá fhad a bheidh tú ann?

Bileog 11.14**An Scrúdú – An Scrúdaitheoir**

Seo Rólghníomhaíocht 2 as scrúdú samplach A2. Laethanta saoire

- *Tá eolas anseo faoi laethanta saoire a bhí agat.*
- *Tá bileog eile ag an iarrthóir le heolas faoi na laethanta saoire a bhí aige/aici féin.*
- *Tosaigh thusa agus cuir ceisteanna ar an iarrthóir faoin tsaoire a bhí aige/aici. Féach an comhrá samplach thíos.*
- *Nuair a bheidh an méid sin déanta, tabhair deis don iarrthóir ceisteanna a chur ortsa faoin tsaoire a bhí agat féin.*

Laethanta saoire
Áit? Sasana (Londain)
Cén fhad? Coicís (mí Iúil)
Lóistín? Óstán
Cé a bhí leat? 2 mac + 1 iníon
Rudaí a thaitin leat? Daoine...bialanna...
Rudaí a rinne sibh? Amharclann...séipéil...

Comhrá samplach

- S: An raibh tú ar laethanta saoire an bhliain seo caite?
 I: Bhí. Bhí mé san Iodáil.
 S: Ó, go deas. Cén fhad a bhí tú ansin?
 I: Bhí mé ann ar feadh seachtaine i mí Lúnasa.
 S: Agus ar fhan tú in óstán?
 I: Níor fhan. Bhí árasán ar cíos againn.
 S: Agus an raibh aon duine leat?
 I: Bhí beirt chairde agus mo dheirfiúr liom.
 S: Inis dom, cad iad na rudaí a thaitin leat faoin tsaoire?
 I: Bhuel, bhí an bia an-deas agus bhí an t-ádh orainn mar bhí an aimsir go hálainn an t-am ar fad.
 S: Cad a rinne tú ansin?
 I: Thaitin na siopaí go mór liom agus chuaigh mé ag siopadóireacht cúpla lá. Ansin chuaigh mé chuig ceolchoirm chlasaiceach oíche amháin agus bhí sé sin go hiontach ar fad.

Bileog 11.15**An Scrúdú – An tIarrthóir**

Seo Rólghníomhaíocht 2 as scrúdú samplach A2. Laethanta saoire

- *Tá eolas anseo faoi laethanta saoire a bhí agat.*
- *Tá bileog eile ag an scrúdaitheoir le heolas faoi na laethanta saoire a bhí aige/aici féin.*
- *Beidh an scrúdaitheoir ag cur ceisteanna ortsa anois faoi na laethanta saoire a bhí agat. Féach an comhrá samplach thíos.*
- *Nuair a bheidh an méid sin déanta, tosaigh thusa agus cuir ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoin tsaoire a bhí aige/aici.*

Laethanta saoire

Áit? An Iodáil

Cén fhad? Seachtain (Lúnasa)

Lóistín? Árasán

Cé a bhí leat? 2 cara + deirfiúr

Rudaí a thaitin leat? Bia... aimsir...

Rudaí a rinne sibh? Siopaí... ceolchoirm...

Comhrá samplach

S: An raibh tú ar laethanta saoire an bhliain seo caite?

I: Bhí. Bhí mé san Iodáil.

S: Ó, go deas. Cén fhad a bhí tú ansin?

I: Bhí mé ann ar feadh seachtaine i mí Lúnasa.

S: Agus ar fhan tú in óstán?

I: Níor fhan. Bhí árasán ar cíos againn.

S: Agus an raibh aon duine leat?

I: Bhí beirt chairde agus mo dheirfiúr liom.

S: Inis dom, cad iad na rudaí a thaitin leat faoin tsaoire?


I: Bhuel, bhí an bia an-deas agus bhí an t-ádh orainn mar bhí an aimsir go hálainn an t-am ar fad.

S: Cad a rinne tú ansin?

I: Thaitin na siopaí go mór liom agus chuaigh mé ag siopadóireacht cúpla lá. Ansin chuaigh mé chuig ceolchoirm chlasaiceach oíche amháin agus bhí sé sin go hiontach ar fad.

Bileog 11.16**Saoire sa Ghaeltacht****Cuid A**

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus roghnaigh ainm na Gaeltachta ón bhosca ar dheis le scríobh in aice leis an áit cheart ar an léarscáil.



Gaeltacht Chiarraí

An Rinn

Gaeltacht Chorcaí

Gaeltacht Chonnacht

Ráth Cairn

Gaeltacht Mhaigh Eo

Cuid B

Tá tú ag dul ar laethanta saoire go dtí ceann de na Gaeltachtaí thuas. Labhair leis an duine in aice leat agus cuirigí ceisteanna ar a chéile faoi na laethanta saoire atá pleanáilte agaibh sa Ghaeltacht. Féach ar na ceisteanna:



Cá bhfuil tú ag dul ar laethanta saoire i mbliana?

Cé a bheidh leat?

Cén uair atá tú ag dul?

Cén fhad a bheidh tú ann?

Cá mbeidh tú ag fanacht?

An mbeidh na páistí leat?

An mbeidh tú ag fanacht in óstán?